2024/1681

13.6.2024

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1681 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Márta 2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí aicmí feidhmíochta a bhunú i ndáil le dó-obacht táirgí foirgníochta**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 27(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2000/367/CE ([2]) ón gCoimisiún, bunaítear córas chun aicmiú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta i ndáil lena ndó-obacht. Tá an córas sin bunaithe ar réiteach comhchuibhithe chun an fheidhmíocht sin a mheasúnú agus chun torthaí na measúnuithe sin a aicmiú.

(2) Le Cinneadh 2000/367/CE, ní chumhdaítear aicmí áirithe feidhmíochta agus, dá bhrí sin, cuirtear teorainn leis an bhféidearthacht feidhmíocht níos mionsonraithe a dhearbhú. Is gá, dá bhrí sin, aicmí feidhmíochta a bhunú atá cothrom le dáta maidir leis na forbairtí teicneolaíochta agus margaidh is déanaí.

(3) Ba cheart a chur leis aicmithe nua le haghaidh gnéithe nó táirgí neamhualaithe ag a bhfuil feidhm scartha dóiteáin is infheidhme maidir le díonta díluchtaithe, bacainní dóiteáin neamh-mheicniúla le haghaidh duchtobair aerála, séalaí treáite, séalaí treáite comhcheangailte, séalaí ailt línigh agus gríleanna aistrithe aeir.

(4) Ba cheart an t-aicmiú R atá imithe i léig le haghaidh gnéithe iompartha ualaigh ag a bhfuil feidhm scartha dóiteáin is infheidhme maidir le hurláir agus díonta a bhaint mar go bhfuil sé clúdaithe go héifeachtach leis an tábla a bhaineann le gnéithe iompartha ualaigh gan feidhm scartha dóiteáin.

(5) Mar gheall ar an dul chun cinn teicniúil sna modhanna measúnaithe, tá gá freisin le mínithe níos mionsonraithe agus pointí tagartha níos mionsonraithe maidir leis na táirgí, lena n-áirítear faisnéis athbhreithnithe i nótaí.

(6) D'fhonn a chur ar chumas monaróirí aicmí feidhmíochta atá mionsonraithe go leormhaith a dhearbhú maidir lena ndó-obacht i gcomhréir leis na forbairtí teicneolaíochta agus margaidh is déanaí, agus ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart Cinneadh 2000/367/CE a aisghairm.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ní mór don Choimisiún aicmí feidhmíochta a bhunú i ndáil le buntréithe táirgí foirgníochta. I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den Rialachán sin, tá na haicmí sin le húsáid i gcaighdeáin chomhchuibhithe,

([1]) IO L 79, 16.3.2006, lch. 27.

([2]) Cinneadh ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2000 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 89/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú fheidhmíocht dó-obachta táirgí foirgníochta, oibreacha foirgníochta agus codanna díobh (IO L 133, 6.6.2000, lch. 26).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunaítear aicmí feidhmíochta i ndáil le dó-obacht táirgí foirgníochta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh 2000/367/CE.

Déanfar tagairtí do Chinneadh 2000/367/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

## A. SIOMBAILÍ

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na siombailí seo a leanas:

<table>
<tr><td>R</td><td colspan="2">Acmhainn iompartha ualaigh</td></tr>
<tr><td>E</td><td colspan="2">Sláine</td></tr>
<tr><td>I</td><td colspan="2">Insliú</td></tr>
<tr><td>W</td><td colspan="2">Radaíocht</td></tr>
<tr><td>M</td><td colspan="2">Gníomhaíocht mheicniúil</td></tr>
<tr><td>C</td><td colspan="2">Féindhúnadh</td></tr>
<tr><td rowspan="8">C0-5</td><td colspan="2">Marthanacht an fhéindhúnta:</td></tr>
<tr><td>Catagóir úsáide (C)</td><td>An líon timthriallta</td></tr>
<tr><td>5</td><td>≥ 200 000</td></tr>
<tr><td>4</td><td>≥ 100 000</td></tr>
<tr><td>3</td><td>≥ 50 000</td></tr>
<tr><td>2</td><td>≥ 10 000</td></tr>
<tr><td>1</td><td>≥ 500</td></tr>
<tr><td>0</td><td>≥1</td></tr>
<tr><td>S</td><td colspan="2">Sceitheadh deataigh (i gcomhthéacs córais aerála)/Rialú deataigh (i gcomhthéacs doirse)</td></tr>
<tr><td>P</td><td colspan="2">Leanúnachas an tsoláthair cumhachta agus comhartha faoin gcuar caighdeánach teochta agus ama</td></tr>
<tr><td>PH</td><td colspan="2">Leanúnachas an tsoláthair cumhachta agus comhartha faoi lé teocht sheasmhach</td></tr>
<tr><td>G/O</td><td colspan="2">Obacht ar dhóiteán súiche</td></tr>
<tr><td>K</td><td colspan="2">Cumas cosanta dóiteáin</td></tr>
<tr><td>T</td><td colspan="2">Aicme theochta arna sloinneadh i dteocht uasta gáis in °C (teocht oibriúcháin)</td></tr>
<tr><td>D</td><td colspan="2">Fad na cobhsaíochta faoi lé teocht sheasmhach</td></tr>
<tr><td>DH</td><td colspan="2">Fad na cobhsaíochta faoin gcuar caighdeánach teochta is ama</td></tr>
<tr><td>F</td><td colspan="2">Feidhmiúlacht na n-aerálaithe deataigh agus teasa faoi chumhacht</td></tr>
<tr><td>B</td><td colspan="2">Feidhmiúlacht na n-aerálaithe nádúrtha deataigh agus teasa</td></tr>
</table>

## B. AICMÍ FEIDHMÍOCHTA MAIDIR LE DÓ-OBACHT TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA

**Ginearálta**

Na sainmhínithe, tástálacha agus na critéir feidhmíochta ábhartha, tugtar tuairisc orthu nó tagraítear dóibh sna Caighdeáin Aicmithe Eorpacha maidir le dó-obacht, caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha i dtaobh táirgí, caighdeáin tástála Eorpacha, agus codanna ábhartha Eorachód.

Más rud é, maidir le gnéithe neamhshiméadracha, nach mbíonn aicme dhearbhaithe na gnéithe bailí ach ó thaobh amháin, gabhfaidh an fhaisnéis sin leis an aicme.

Sloinntear na haicmí feidhmíochta a leanas ina nóiméid mura sonraítear a mhalairt.

1. **Gnéithe iompartha ualaigh gan feidhm scartha dóiteáin**

*Tábla 1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Ballaí, urláir, urláir ardaithe, díonta, bíomaí, colúin, balcóin, siúláin, staighrí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |

2. **Gnéithe iompartha ualaigh ag a bhfuil feidhm scartha dóiteáin**

*Tábla 2.1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Ballaí | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RE | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| REI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| REI-M | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| REW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |

*Tábla 2.2*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Úrláir, díonta, fuinneoga dín, díonléasacha agus comhlaí | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RE | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| REI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| C | Féadfar an t-aicmiú C a dhearbhú i gcás ina bhfuil gaireas féindhúnta feistithe gan an ghné nó an táirge a dhúnadh de láimh chun críoch na tástála.<br>De rogha air sin, ar mhaithe le hinmharthanacht an fhéindhúnta, féadfar an t-aicmiú C a chomhlánú leis na digití 0 go 5 i gcomhréir leis an gcatagóir úsáide ina ndearnadh tástáil timthrialla a dhéanamh. | | | | | | | | | | |

*Tábla 2.3*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Urláir ardaithe | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RE | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| REI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Ceapfar an t-aicmiú le bheith sonrach ag brath ar an neamhchosaint. In éagmais na litreach ainmnithe ‘r’ tagraítear do neamhchosaint an chuair chaighdeánaigh teochta/ama (dó-obacht iomlán) ach i gcás nuair a bhíonn sí ann tagraítear d’ionsaí teochta seasmhaí 500 °C (neamhchosaint laghdaithe).<br>Urláir ardaithe a chomhlíonann neamhchosaint an chuair chaighdeánaigh teochta/ama ar feadh tréimhse áirithe, meastar go gcomhlíonann siad na coinníollacha neamhchosanta laghdaithe ar feadh na tréimhse céanna ar a laghad. | | | | | | | | | | |

3. **Táirgí agus córais le haghaidh gnéithe iompartha ualaigh a chosaint**

*Tábla 3.1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Síleálacha gan aon dó-obacht neamhspleách |
|---|---|
| Measúnú ar rannchuidiú dhó-obacht na mball struchtúrtha: Sloinntear an t-aicmiú mar aicmiú i dtéarmaí chosaint na gné iompartha ualaigh. | |
| Nótaí | Má chomhlíontar na critéir i ndáil leis an dóiteán 'breacnádúrtha', cuirtear an tsiombail 'sn' leis an aicmiú. |

*Tábla 3.2*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Cumhdaigh cosanta dóiteáin (imoibríoch), cláir (leaca agus mataí), rindreálacha (spraenna), cumhdra agus scáileáin |
|---|---|
| Measúnú ar rannchuidiú dhó-obacht na mball struchtúrtha: Sloinntear an t-aicmiú mar aicmiú i dtéarmaí chosaint na gné iompartha ualaigh. | |
| Nótaí | I gcás cumhdach, má chomhlíontar na gcritéir i ndáil leis an gcuar 'téamh mall', cuirtear an tsiombail 'IncSlow' leis an aicmiú. |

4. **Gnéithe nó táirgí neamhualaithe ag a bhfuil feidhm scartha dóiteáin**

*Tábla 4.1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Landairí (lena n-áirítear landairí ina gcorpraítear codanna neamhinslithe) agus fuinneoga seasta | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI-M | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |

*Tábla 4.2*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Díonta neamhualaithe | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |

*Tábla 4.3*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Bacainní cuais | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Comhlánaítear an t-aicmiú le tásc ar leithligh, i gcás go mbíonn an tástáil ar neamhchosaint thobann le haghaidh bacainní cuas á gcomhlíonadh. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.4*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Síleálacha a bhfuil dó-obacht neamhspleách iontu | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Comhlánaítear an t-aicmiú tríd an gcaoi ar tástáladh an ghné a léiriú, agus tagraítear leis do dhóiteán ón taobh anuas '(a→b)' nó ón taobh aníos '(b→a)' nó ón dá thaobh '(a ↔b)'. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.5*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Aghaidheanna (ballaí cuirtíní) agus ballaí seachtracha (lena n-áirítear gnéithe glónraithe) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Comhlánaítear an t-aicmiú le '(i→o)'; '(o→i)'; nó '(i↔o)' chun a léiriú an ndearnadh an ghné a thástáil agus an gcomhlíonann sí na ceanglais ón taobh istigh amháin; ón taobh amuigh amháin; nó ón dá thaobh faoi seach.<br>Tugtar le fios tríd an iarmhír 'ef' a chur leis gur ar bhonn an chuair dóiteáin sheachtraigh a rinneadh an tástáil. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.6*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Bacainní dóiteáin neamh-mheicniúla le haghaidh duchtobair aerála | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E) a chomhlíonadh, déanfar an méid seo a leanas freisin i leith na bacainne dóiteáin neamh-mheicniúla:<br>(a) déanfar í a thástáil ón dá thaobh, agus<br>(b) bainfear uasráta sceite 360 $m^3/(m^2h)$ amach ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta le linn na tástála dóiteáin.<br>Níl aon aicmiú S ann don táirge seo, toisc nach bhfuil aon fheidhmíocht deataigh aige ó thaobh teocht chomhthimpeallach de.<br>le 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.7*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Séalaí treáite | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Sloinntear an t-aicmiú mar aicmiú i dtéarmaí threá an déantúis thacúil ag a bhfuil feidhm scartha dóiteáin.<br>Comhlánaítear aicmiú séalaí treáite píobán trí 'U/U', 'C/U', 'U/C', nó 'C/C' a chur leis ag brath ar chumraíocht deiridh an phíobáin arna thástáil laistigh den fhoirnéis agus lasmuigh den fhoirnéis faoi seach (U – neamhchaidhpeáilte; C – caidhpeáilte). | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.8*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Séalaí treáite comhcheangailte | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Sloinntear an t-aicmiú mar aicmiú i dtéarmaí threá an déantúis thacúil ag a bhfuil feidhm scartha dóiteáin. Comhlánófar an t-aicmiú le haicmithe ábhartha breise ar ghnéithe comhcheangailte mar a luaitear san iarscríbhinn seo. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.9*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Séalaí ailt línigh | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Comhlánaítear an t-aicmiú trí na siombailí a leanas a chur leis:<br>— ‘H’, nó ‘V’, nó ‘T’ lena léirítear go bhfuil an t-aicmiú bailí maidir leis an treoshuíomh comhfhreagrach (déantús tacúil cothrománach; Déantús tacúil ingearach - alt ingearach; Déantús tacúil ingearach - alt cothrománach faoi seach),<br>— ‘M’, nó ‘F’, nó ‘B’ lena léirítear an cineál spladhsanna (Spladhas monaraithe; Spladhas ar an láthair; nó Spladhas monaraithe agus spladhas ar an láthair araon faoi seach),<br>— ‘X’; nó ‘Mxxx’ lena léirítear cumas gluaiseachta (Gan aon ghluaiseacht; nó Gluaiseacht arna spreagadh (in %) faoi seach), lena n-áirítear an foscript ‘cliathánach’ nó ‘fiar’ lena léirítear an ghluaiseacht arna spreagadh, agus<br>— ‘W w1 go w2’ lena léirítear raon leithid (in mm) an ailt a chomhlíonann an critéar aicmithe (is é w1 an teorainn leithid is ísle agus is é w2 an teorainn leithid is airde). | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.10*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Dorasfhoirne dó-obacha, fuinneoga inoscailte (i mballaí agus díonta), díonléasacha agus comhlaí inoscailte (lena n-áirítear na cinn ina bhfuil glónrú, gairis dúnta agus crua-earraí tógála eile) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $S_{200}$ | I gcás gnéithe agus táirgí a chomhlíon na critéir rialaithe deataigh ag brath ar chomhlíonadh na gcoinníollacha tástála. | | | | | | | | | | |
| $S_{a3}$ nó $S_{a4}$ | I gcás gnéithe agus táirgí a chomhlíon na critéir rialaithe deataigh ag brath ar chomhlíonadh na gcoinníollacha tástála. | | | | | | | | | | |
| C | Féadfar an t-aicmiú C a dhearbhú i gcás ina bhfuil gaireas féindhúnta feistithe gan an ghné nó an táirge a dhúnadh de láimh chun críoch na tástála.<br>De rogha air sin, ar mhaithe le hinmharthanacht an fhéindhúnta, féadfar an t-aicmiú C a chomhlánú leis na digití 0 go 5 i gcomhréir leis an gcatagóir úsáide ina ndearnadh tástáil timthrialla a dhéanamh. | | | | | | | | | | |

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Dorasfhoirne dó-obacha, fuinneoga inoscailte (i mballaí agus díonta), díonléasacha agus comhlaí inoscailte (lena n-áirítear na cinn ina bhfuil glónrú, gairis dúnta agus crua-earraí tógála eile) |
|---|---|
| Nótaí | Comhlánaítear an t-aicmiú EI tríd an iarmhír '1' nó '2' a chur leis chun an sainmhíniú ar insliú a úsáideadh a léiriú.<br>I gcás nach gcumhdóidh an t-aicmiú téamh aghaidh an dúnta agus aghaidh na hoscailte araon, déanfar é sin a léiriú go sainráite san aicmiú.<br>Ní áirítear táirgí aerála deataigh agus ní thugtar aghaidh orthu sa tábla seo.<br>Tá aicmiú breise rialaithe deataigh ar dhorasfhoirne móra tionsclaíocha indéanta go dtí teorainn sceite 50 $m^3/h$. |

*Tábla 4.11*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Dúnadh i gcás iompróirí agus córais iompair ar rianta | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| C | Féadfar an t-aicmiú C a dhearbhú i gcás ina bhfuil gaireas féindhúnta feistithe gan an ghné nó an táirge a dhúnadh de láimh chun críoch na tástála.<br>De rogha air sin, ar mhaithe le hinmharthanacht an fhéindhúnta, féadfar an t-aicmiú C a chomhlánú leis na digití 0 go 5 i gcomhréir leis an gcatagóir úsáide ina ndearnadh tástáil timthrialla a dhéanamh. | | | | | | | | | | |
| Nótaí | Comhlánaítear an t-aicmiú EI tríd an iarmhír '1' nó '2' a chur leis chun an sainmhíniú ar insliú a úsáideadh a léiriú. Ginfear aicmiú EI le haghaidh na gcásanna sin inar cumraíocht phíobáin nó duchta é an eiseamláir tástála gan aon mheasúnú ar an dúnadh i gcás an chórais iompróra.<br>Sainaithnítear cumas oibríochtúil marthanach aon ghaireas imréitigh agus/nó aon ghaireas scartha le haghaidh córas iompróra trí úsáid a bhaint as 'T'. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.12*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Gríleanna aistrithe aeir | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EW | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Má chomhlíontar na gcritéir i ndáil le sláine le linn na staide oscailte, cuirtear an tsiombail 'dó-obach' leis an aicmiú.<br>Má chomhlíontar na gcritéir i ndáil leis an gcuar 'cnadú', cuirtear an tsiombail 'IncSlow' leis an aicmiú. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.13*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Duchtanna seirbhíse agus seaftaí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Sainmhíníonn an t-aicmiú conas a tástáladh an ghné agus tagraíonn sé do dhóiteán ón taobh istigh '(i→o)' nó ón taobh amuigh '(o→i)' nó ón dá thaobh '(i ↔o)'. Ina theannta, leis na siombailí 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach. | | | | | | | | | | |

*Tábla 4.14*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Simléir | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | G + fad i mm (e.g. G 50) nó O + fad i mm (e.g. O 50) | | | | | | | | | |
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| T (teochtoibriúcháin) in °C | 80 | 100 | 120 | 140 | 160 | 200 | 250 | 300 | 400 | 450 | 600 |
| Nótaí | Níl fad ag teastáil i gcás táirgí ionsuite.<br>Sainmhíníonn an t-aicmiú conas a tástáladh an ghné agus tagraíonn sé do dhóiteán ón taobh istigh '(i→o)' nó ón taobh amuigh '(o→i)' nó ón dá thaobh '(i ↔o)'.<br>le 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach. | | | | | | | | | |

*Tábla 4.15*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Clúdaigh bhalla agus síleála | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $K_1$ | 10 | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $K_2$ | 10 | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Léiríonn iarmhíreanna '1' agus '2' cé na foshraitheanna, na critéir maidir le hiompraíocht dóiteáin agus na rialacha sínidh a úsáidtear san aicmiú seo. | | | | | | | | | |

5. **Táirgí le húsáid i gcórais aerála (seachas aeráil sceite deataigh agus teasa)**

*Tábla 5.1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Duchtanna aerála dó-obacha | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| S | uasráta sceite 10 $m^3/(m^2h)$ ag féachaint d'achar trasghearrtha an duchta le linn na tástála dóiteáin | | | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E) a chomhlíonadh, ní mór don ducht uasráta sceite 15 $m^3/(m^2h)$ a bhaint amach ag féachaint d'achar dromchla an duchta le linn na tástála dóiteáin.<br>Sainmhíníonn an t-aicmiú conas a tástáladh an ghné agus tagraíonn sé do dhóiteán ón taobh istigh '(i→o)' nó ón taobh amuigh '(o→i)' nó ón dá thaobh '(i ↔o)'.<br>le 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach.<br>Léireoidh an t-aicmiú an difríocht sa bhrú a úsáidtear sa tástáil. |

*Tábla 5.2*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Maolairí dóiteáin | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| S | uasráta sceite 200 $m^3/(m^2h)$ ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta:<br>a) an méid is lú ar theocht chomhthimpeallach;<br>b) an méid is mó ar theocht chomhthimpeallach agus le linn na tástála dóiteáin. | | | | | | | | | | |
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E) a chomhlíonadh, déanfar an méid seo a leanas freisin i leith an mhaolaire dóiteáin:<br>a) déanfar í a thástáil ón dá thaobh, agus<br>b) bainfear uasráta sceite 360 $m^3/(m^2h)$ amach ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta le linn na tástála dóiteáin.<br>le 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach (e.g., feistithe le balla) agus/nó úsáid chothrománach (e.g., feistithe le hurlár).<br>Maolaire dóiteáin atá in ann sláine (E), nó sláine agus insliú (EI), a chomhlíonadh le haghaidh na tréimhse aicmithe, le 'H' léirítear go bhfuil ais lainne chothrománach nó geoiméadracht chothrománach aige.<br>Maolaire dóiteáin atá in ann sláine (E), nó sláine agus insliú (EI), a chomhlíonadh le haghaidh na tréimhse aicmithe, le 'V' léirítear go bhfuil ais lainne ingearach nó geoiméadracht ingearach aige. | | | | | | | | | | |

6. **Táirgí atá le húsáid i suiteálacha seirbhíse foirgneamh leictrí, rialaithe cumhachta agus cumarsáide**

*Tábla 6.1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Córais cosanta dóiteáin le haghaidh córais cáblaí agus comhpháirteanna gaolmhara | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| P | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | Léireofar an méid a leanas leis an aicmiú:<br>An cineál cáblaí is féidir a shuiteáil laistigh de na córais cosanta dóiteáin, i.e. aon chábla caighdeánach nó gan ach cáblaí sonracha amháin; agus<br>na cumraíochtaí cáblaí is féidir a chosaint agus an voltas oibriúcháin, i.e;<br>— le haghaidh gach cineál cáblaí cumhachta (voltas rátáilte 300/500 V) le haghaidh voltas oibriúcháin suas le 230/400 V (sruth ailtéarnach (SA) trí chéim);<br>— le haghaidh gach cineál cáblaí cumhachta (voltas rátáilte 450/750 V suas le 0,6/1 kV) le haghaidh voltas oibriúcháin suas le 400/690 V (SA trí chéim);<br>— le haghaidh gach cineál cáblaí comhartha/cumhachta (voltas rátáilte suas le 170 V) le haghaidh voltas oibriúcháin suas le 110 V;<br>— nó aon mheascán de na féidearthachtaí thuas. | | | | | | | | | | |

*Tábla 6.2*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Cáblaí cumarsáide, cáblaí rialaithe cumhachta, cáblaí leictreacha neamhchosanta a bhfuil dó-obacht intreach acu | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $P_{ca}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | I gcás cáblaí cumhachta agus cáblaí rialaithe léireofar leis an aicmiú an voltas rátáilte ag a gcomhlíontar na critéir feidhmíochta. | | | | | | | | | | |

*Tábla 6.3*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Cáblaí cumarsáide beaga neamhchosanta, cáblaí rialaithe cumhachta beaga neamhchosanta, cáblaí leictreacha beaga neamhchosanta a bhfuil dó-obacht intreach iontu (trastomhas < 20 mm lena mbaineann méideanna seoltóra ≤ 2,5 $mm^2$) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $PH_{ca}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | I gcás cáblaí cumhachta agus cáblaí rialaithe léireofar leis an aicmiú an voltas rátáilte ag a gcomhlíontar na critéir feidhmíochta. | | | | | | | | | | |

7. **Táirgí le húsáid i gcórais rialaithe deataigh agus teasa**

*Tábla 7.1*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Duchtanna rialaithe deataigh urrann aonair | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $E_{600}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| S | 5 $m^3/(m^2h)$ uasráta sceite ag féachaint d'achar dromchla an duchta ar theocht chomhthimpeallach agus uasráta sceite 5 $m^3/(m^2h)$ a bhaineann le hachar dromchla an duchta le linn na tástála dóiteáin. | | | | | | | | | | |
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E) a chomhlíonadh, ní mór don ducht uasráta sceite 10 $m^3/(m^2h)$ a bhaint amach ag féachaint d'achar dromchla an duchta le linn na tástála dóiteáin.<br>Comhlánaítear an t-aicmiú leis an iarmhír 'single' le haghaidh táirgí atá beartaithe le húsáid i gcomhair úsáid urrann aonair amháin.<br>Le 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach, laistigh den urrann.<br>Léiríonn '500', '1 000', '1 500' go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid suas go dtí na luachanna lagbhrú sin, arna dtomhas in Pa ar theocht chomhthimpeallach. | | | | | | | | | | |

*Tábla 7.2*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Duchtanna rialaithe deataigh dó-obacha il-urrainne | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| S | 5 $m^3/(m^2h)$ uasráta sceite le tagairt d'achar dromchla an duchta ar theocht chomhthimpeallach agus uasráta sceite 5 $m^3/(m^2h)$ a bhaineann le hachar dromchla an duchta le linn na tástála dóiteáin. | | | | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E) a chomhlíonadh, ní mór don ducht uasráta sceite 10 $m^3/(m^2h)$ a bhaint amach ag féachaint d'achar dromchla an duchta le linn na tástála dóiteáin.<br>Comhlánaítear an t-aicmiú leis an iarmhír 'multi' le haghaidh táirgí atá beartaithe le húsáid i gcomhair úsáid ilurrainne.<br>le 've' agus/nó 'ho' léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach.<br>Léiríonn '500', '1 000', '1 500' go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid suas go dtí na luachanna lagbhrú sin, arna dtomhas in Pa ar theocht chomhthimpeallach. |

*Tábla 7.3*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Maolairí rialaithe deataigh urrann aonair | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $E_{600}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| S | uasráta sceite 200 $m^3/(m^2h)$ ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta:<br>a) an méid is lú ar theocht chomhthimpeallach;<br>b) an méid is mó ar theocht chomhthimpeallach agus le linn na tástála dóiteáin. | | | | | | | | | | |
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E) a chomhlíonadh, déanfar an méid seo a leanas freisin i leith an mhaolaire rialaithe deataigh urrann aonair:<br>a) déanfar é a thástáil ón dá thaobh,<br>b) pas a fháil i dtástáil ar oscailt a chothabháil, agus<br>c) bainfear uasráta sceite 360 $m^3/(m^2h)$ amach ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta le linn na tástála dóiteáin<br>1) an méid is lú ar theocht chomhthimpeallach; agus<br>2) an méid is mó ar theocht chomhthimpeallach agus le linn na tástála dóiteáin.<br>Comhlánaítear an t-aicmiú leis an iarmhír 'single' le haghaidh táirgí atá beartaithe le húsáid i gcomhair úsáid urrann aonair.<br>le 'ved', 'vew', 'vedw'agus/nó 'hod','how', 'hodw', léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach, lena n-áirítear feistiú i nducht nó i mballa/in urlár nó sa dá cheann faoi seach.<br>Maolaire rialaithe deataigh urrann aonair atá in ann sláine (E) a chomhlíonadh le haghaidh na tréimhse aicmithe, le 'H' léirítear go bhfuil ais lainne chothrománach nó geoiméadracht chothrománach aige,<br>Maolaire rialaithe deataigh urrann aonair atá in ann sláine (E) a chomhlíonadh le haghaidh na tréimhse aicmithe, le 'V' léirítear go bhfuil ais lainne ingearach nó geoiméadracht ingearach aige.<br>Léiríonn '500', '1 000', '1 500' go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid suas go dtí an luach lagbhrú sin in Pa ar theocht chomhthimpeallach.<br>Le 'AA' sainítear gur úsáid le haghaidh feidhmeanna trína soláthraítear gníomhachtú uathoibríoch atá i gceist, le 'MA' sainítear gur úsáid le haghaidh feidhmeanna a éilíonn idirghabháil de láimh nó sholáthraíonn gníomhachtú uathoibríoch.<br>Le '$C_{300}$', $C_{10\,000}$', '$C_{MOD}$' nó '$C_{300}$(N)', $C_{10\,000}$(N)', '$C_{MOD}$(N)' léirítear nach bhfuil an táirge beartaithe le húsáid ach i gcórais rialaithe deataigh, córais rialaithe deataigh lánrialaithe agus i gcórais rialaithe deataigh in éineacht le córais chomhshaoil nó i maolairí rialaithe deataigh modhnúcháin atá beartaithe le húsáid in aon chóras a bhfuil suíomh rialaithe nó athraitheach aige, arna thástáil faoi ualach, nó gan ualach (N), faoi seach.<br>Le 'HOT 400/30' (Ard-Teocht Oibríochtúil) léirítear go ndearnadh tástáil bhreise ar an maolaire rialaithe deataigh dó-obach urrann aonair chun a léiriú gur féidir é a oscailt agus a dhúnadh ar feadh tréimhse 30 nóiméad ina mbíonn teochtaí suas le 400 °C ann. | | | | | | | | | | |

*Tábla 7.4*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Maolairí rialaithe deataigh dó-obacha il-urrainne | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| EI | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| S | uasráta sceite 200 $m^3/(m^2h)$ ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta:<br>(a) an méid is lú ar theocht chomhthimpeallach;<br>(b) an méid is mó ar theocht chomhthimpeallach agus le linn na tástála dóiteáin. | | | | | | | | | | |
| Nótaí | Chomh maith leis na ceanglais a bhaineann le sláine (E), nó sláine agus insliú (EI), a chomhlíonadh, déanfar an méid seo a leanas freisin i leith an mhaolaire rialaithe deataigh dó-obach il-urrainne:<br>(a) déanfar é a thástáil ón dá thaobh,<br>(b) pas a fháil i dtástáil ar oscailt a chothabháil, agus<br>(c) bainfear uasráta sceite 360 $m^3/(m^2h)$ amach ag féachaint d'achar trasghearrtha ainmniúil an duchta le linn na tástála dóiteáin<br>(1) an méid is lú ar theocht chomhthimpeallach; agus<br>(2) an méid is mó ar theocht chomhthimpeallach agus le linn na tástála dóiteáin.<br>Comhlánaítear an t-aicmiú leis an iarmhír 'multi' le haghaidh táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid il-urrainne.<br>le 'ved', 'vew', 'vedw'agus/nó 'hod','how', 'hodw', léirítear go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid le haghaidh úsáid ingearach agus/nó úsáid chothrománach, lena n-áirítear feistiú i nducht nó i mballa/in urlár nó sa dá cheann faoi seach.<br>Maolaire rialaithe deataigh dó-obach il-urrainne atá in ann sláine (E), nó sláine agus insliú (EI), a chomhlíonadh le haghaidh na tréimhse aicmithe, le 'H' léirítear go bhfuil ais lainne chothrománach nó geoiméadracht chothrománach aige,<br>Maolaire rialaithe deataigh dó-obacha il-urrainne atá in ann sláine (E), nó sláine agus insliú (EI), a chomhlíonadh le haghaidh na tréimhse aicmithe, le 'V' léirítear go bhfuil ais lainne ingearach nó geoiméadracht ingearach aige.<br>Léiríonn '500', '1 000', '1 500' go bhfuil an táirge beartaithe le húsáid suas go dtí an luach lagbhrú sin in Pa ar theocht chomhthimpeallach.<br>Le 'AA' sainítear gur úsáid le haghaidh feidhmeanna trína soláthraítear gníomhachtú uathoibríoch atá i gceist, le 'MA' sainítear gur úsáid le haghaidh feidhmeanna a éilíonn idirghabháil de láimh nó sholáthraíonn gníomhachtú uathoibríoch.<br>Le '$C_{300}$', $C_{10\,000}$', '$C_{MOD}$' nó '$C_{300}$(N)', $C_{10\,000}$(N)', '$C_{MOD}$(N)' léirítear nach bhfuil an táirge beartaithe le húsáid ach i gcórais rialaithe deataigh, córais rialaithe deataigh lánrialaithe agus i gcórais rialaithe deataigh in éineacht le córais chomhshaoil nó i maolairí rialaithe deataigh modhnúcháin atá beartaithe le húsáid in aon chóras a bhfuil suíomh rialaithe nó athraitheach aige, arna thástáil faoi ualach, nó gan ualach (N), faoi seach.<br>Le 'HOT 400/30' (Ard-Teocht Oibríochtúil) léirítear go ndearnadh tástáil bhreise ar an maolaire rialaithe deataigh dó-obach urrainne chun a léiriú gur féidir é a oscailt agus a dhúnadh ar feadh tréimhse 30 nóiméad ina mbíonn teochtaí suas le 400 °C ann. | | | | | | | | | | |

*Tábla 7.5*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Bacainní deataigh | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $D_{600}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| DH | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |

*Tábla 7.6*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Aerálaithe rialála deataigh agus teasa faoi chumhacht (gaothráin), lena n-áirítear nascóirí | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $F_{200}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $F_{300}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $F_{400}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $F_{600}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $F_{842}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |

*Tábla 7.7*

| Infheidhme maidir leis an méid seo a leanas | Aerálaithe nádúrtha sceite deataigh agus teasa | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $B_{300}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $B_{600}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| $B_{\vartheta}$ | | 15 | 20 | 30 | 45 | 60 | 90 | 120 | 180 | 240 | 360 |
| Nótaí | I gcás ina léiríonn $\vartheta$ an riocht neamhchosanta (teocht), is é sin riocht níos airde ná 300 °C.<br>Tá na táirgí sin deartha le go n-osclóidís i gcás tine agus níl aicmiú sláine (E) acu. | | | | | | | | | | |